# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2016

## C U N T A S A Í O C H T – G N Á T H L E I B H É A L

**(400 marc)**

DÉ LUAIN 20 MEITHEAMH 2016 – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1 – 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile as an roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5 – 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt.<br>Tá sé fíorthábhachtach an t-oibriú amach a thaispeáint s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt d'obair atá ceart. |

**ROINN 1 (120 Marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. Cuntais Deiridh Cuideachta**

Baineadh na hiarmhéideanna seo a leanas as leabhair Bogha Teo. mar a bhí ar 31/12/2015.

| | € | € |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal | | |
| Údaraithe – 1,000,000 gnáthscair ar €1 an ceann | | |
| Eisithe – 650,000 gnáthscair ar €1 an ceann | | 650,000 |
| Foirgnimh | 720,000 | |
| Trealamh Oifige | 75,000 | |
| Dímheas carntha – trealamh oifige | | 22,000 |
| Dímheas carntha – foirgnimh | | 86,000 |
| Paitinní | 160,000 | |
| Aischuir isteach (aischuir dhíolachán) | 4,800 | |
| Ceannacháin | 225,000 | |
| Díolacháin | | 560,900 |
| Bintiúir 8% (eisithe ar 01/04/2015) | | 80,000 |
| Féichiúnaithe | 62,000 | |
| Creidiúnaithe | | 48,000 |
| Stoc na n-earraí le hathdhíol (01/01/2015) | 45,600 | |
| Stoc stáiseanóireachta (01/01/2015) | 1,200 | |
| Pá/Tuarastail | 127,100 | |
| Fógraíocht | 18,000 | |
| Stáiseanóireacht | 6,300 | |
| CBL | | 7,200 |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | | 4,800 |
| Solas, teas agus árachas | 24,000 | |
| Banc | | 12,500 |
| Táillí stiúrthóirí | 35,300 | |
| Ús bintiúir | 1,200 | |
| Iarmhéid brabúis/caillteanais 01/01/2015 | | 22,100 |
| Cíos | | 12,000 |
| | 1,505,500 | 1,505,500 |

**Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit**:

(i) Stoc na n-earraí le hathdhíol ar 31/12/2015 €45,300.
(ii) Stoc stáiseanóireachta ar 31/12/2015 €700.
(iii) Tá soláthar in aghaidh dímheasa le déanamh mar seo a leanas:
Foirgnimh - 2% den chostas
Trealamh oifige - 10% dá luach de réir na leabhar.
(iv) Cíos infhála dlite ar 31/12/2015 €2,000.
(v) Bhain an fhógraíocht leis an mbliain dar críoch 31/03/2016.
(vi) Sochar in aghaidh drochfhiach le coigeartú i leith 5% de na féichiúnaithe.
(vii) Déan soláthar d'ús bintiúir dlite ar 31/12/2015.
(viii) Déan soláthar do cháin chorparáide €15,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2015. (80)
**(b)** Clár Comhardaithe a ullmhú mar a bheadh ar 31/12/2015. (40)

**(120 marc)**

**2.** **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe**

Baineadh na figiúirí seo a leanas as leabhair Mháire de Búrca le linn Eanáir 2016:

| | € |
|---|---|
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 01/01/2016 dr | 75,800 |
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe 01/01/2016 sr | 410 |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 01/01/2016 sr | 43,300 |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe 01/01/2016 dr | 240 |
| Aischuir amach (aischuir cheannachán) | 350 |
| Lascaine amach | 560 |
| Lascaine isteach | 1,320 |
| Ceannacháin (ceannacháin ar airgead síos 5,600 san áireamh) | 86,300 |
| Aischuir isteach (aischuir dhíolachán) | 310 |
| Billí iníoctha glactha | 4,450 |
| Billí infhaighte eisithe | 5,840 |
| Díolacháin (díolacháin ar airgead síos 8,200 san áireamh) | 101,600 |
| Lascaine dícheadaithe do Mháire de Búrca | 330 |
| Seiceanna faighte ó chustaiméirí | 80,300 |
| Seiceanna íoctha le soláthraithe | 60,400 |
| Seiceanna faighte obtha | 1,800 |
| Drochfhiacha díscríofa | 750 |
| Ús gearrtha ag Máire de Búrca ar chuntais dlite thar téarma | 100 |
| Aistriú ó mhórleabhar na bhféichiúnaithe go mórleabhar na gcreidiúnaithe | 320 |
| Iarmhéid mhórleabhar na bhféichiúnaithe ar 31/01/2016 | 450 sr |
| Iarmhéid mhórleabhar na gcreidiúnaithe ar 31/01/2016 | 630 dr |

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú do Mhí Eanáir 2016**:

**(a)** Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na bhFéichiúnaithe. (30)

**(b)** Cuntas Rialúcháin Mhórleabhar na gCreidiúnaithe. (30)

**(60 marc)**

**3.** **Brabús agus Caillteanas Cuideachta**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair de Róiste Teo.:

- Tá caipiteal údaraithe de 800,000 gnáthscair ar €1 an ceann ag de Róiste Teo. agus 500,000 scair thosaíochta 6% ar €1 an ceann.
- Tá 450,000 gnáthscair agus 300,000 scair thosaíochta 6% eisithe cheana féin ag an gcuideachta.
- Ar 01/01/2015 bhí iarmhéid €87,000 i gcuntas cúlchiste ginearálta na cuideachta.
- Bhí brabús €312,000 tugtha ar aghaidh ag de Róiste Teo. ó 2014 agus léirigh na cuntais brabús €170,000 roimh ús agus cáin don bhliain dar críoch 31/12/2015.
- Le linn na bliana íocadh díbhinn iomlán de 8c an ghnáthscair leis na sealbhóirí gnáthscaireanna agus íocadh an díbhinn iomlán tosaíochta don bhliain le sealbhóirí na scaireanna tosaíochta.

Ar 31/12/2015 mhol na stiúrthóirí go ndéanfaí:

(i) Soláthar do €18,000 úis.
(ii) Soláthar do €54,000 cánach.
(iii) An cúlchiste ginearálta a mhéadú de €23,000.

**Iarrtar ort**:

**(a)** An **cuntas brabúis agus caillteanais** a thaispeáint don bhliain dar críoch 31/12/2015. (35)

**(b)** **Clár Comhardaithe** a ullmhú a thaispeánfaidh na cuntais ábhartha tar éis na soláthairtí agus na leithghabhálacha thuas a dhéanamh. (25)

**(60 marc)**

**4. Ráiteas Táblach**

Léiríonn an clár comhardaithe seo a leanas staid airgeadais Bhreandáin Uí Bhaoill, Trádálaí Aonair, mar a bhí ar 01/01/2016.

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 01/01/2016** | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **Sócmhainní Seasta** | **€** | **€** | **€** |
| Foirgnimh | | 450,000 | |
| Innealra | | 82,000 | |
| | | | 532,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | | 32,000 | |
| Féichiúnaithe | | 28,000 | |
| Banc | | 30,500 | |
| | | 90,500 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | |
| Creidiúnaithe | 24,000 | | |
| Cíos dlite | 3,500 | 27,500 | |
| | | | 63,000 |
| | | | 595,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| Caipiteal | | 590,000 | |
| Cuntas brabúis/caillteanais | | 5,000 | |
| | | | 595,000 |

**Rinneadh na bearta seo a leanas le linn mhí Eanáir 2016**:

3 Ean Fuair seic €3,700 ó fhéichiúnaí mar lánghlanadh ar fhiach de €3,900.

7 Ean Cheannaigh earraí ar cairde €14,200.

12 Ean D'íoc le seic cíos a bhí dlite ag tús na míosa.

16 Ean D'íoc le seic iarmhéid cuntais creidiúnaí €4,100 agus fuair lascaine €300.

19 Ean Dhíol earraí ar cairde ar €8,200, a chosain €9,200 an chéad lá riamh.

21 Ean Dearbhaíodh ina fhéimheach féichiúnaí a raibh €600 dlite aige agus d'íoc 30c in aghaidh an €.

23 Ean D'íoc le seic ó chuntas bainc an ghnólachta €3,300 as deisiúcháin ar dhíon tí phríobháidigh.

26 Ean Cheannaigh trádstóras nua ar €170,000. Íocadh éarlais €15,000 le seic agus fuarthas an fuílleach ar iasacht ó Maoiniú Trádstórais Teo.

**Iarrtar ort**:

An éifeacht a bhain le gach ceann de na bearta thuas ar na sócmhainní agus ar na dliteanais ábhartha a thaifeadadh ar ráiteas táblach.

Na **sócmhainní** agus na **dliteanais iomlána** ar 31/01/2016 a thaispeáint.

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 Marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

**5. Léirmhíniú ar Chuntais**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as cuntais Mhic Bhraoin Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2015:

| **Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2015** | | | |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Díolacháin Chreidmheasa | | | 680,000 |
| **Lúide**: Costas Díolachán | | | |
| Stoc 01/01/2015 | | 42,000 | |
| Móide: Ceannacháin ar Cairde | | ???? | |
| | | ???? | |
| Lúide: Stoc 31/12/2015 | | 58,000 | |
| Costas Díolachán | | | ??? |
| Ollbhrabús | | | 300,000 |
| **Lúide**: Speansais Iomlána (ús san áireamh) | | | 220,000 |
| Glanbhrabús don bhliain | | | 80,000 |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2015** | | | |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| | **Costas** | **Dímheas** | **Glanluach Leabhar** |
| **Sócmhainní Seasta** | 500,000 | 50,000 | 450,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** (féichiúnaithe €20,000 san áireamh) | | 210,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | |
| Creidiúnaithe Trádála | | 88,000 | 122,000 |
| | | | 572,000 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain | | | |
| Bintiúir 6% (2020/2021) | | | 150,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | **Údaraithe** | **Eisithe** | |
| Gnáthscaireanna ar €1 an ceann | 600,000 | 342,000 | 342,000 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | | | 80,000 |
| | | | 572,000 |

**(a)** **Iarrtar ort a ríomh**: (déan an t-áireamh go 2 ionad dheachúlacha de réir mar is cuí.)
(i) An figiúr do cheannacháin
(ii) An céatadán marcála suas ar chostas
(iii) Corrlach/céatadán an ghlanbhrabúis
(iv) An tréimhse chreidmheasa a tugadh d'fhéichiúnaithe (40)

**(b)** **Mínigh** na téarmaí seo a leanas agus luaigh an bhaint atá acu leis an gclár comhardaithe thuas:
(i) Dímheas
(ii) Sócmhainní inláimhsithe
(iii) Cistí na scairshealbhóirí
(iv) Scairchaipiteal údaraithe. (40)

**(c)** (i) Ríomh an cóimheas fíorthástála do 2015.
(ii) Cad a insíonn an cóimheas seo dúinn mar gheall ar Mhic Bhraoin Teo.? (10)

**(d)** An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid do **2014** ná 18%.
(i) Ríomh an toradh ar chaipiteal in úsáid do **2015**.
(ii) Déan trácht ar bhrabúsacht reatha Mhic Bhraoin Teo. in **2015**. (10)

**(100 marc)**

**6.** **Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Baineadh an t-eolas seo a leanas as leabhair Mhic Artúir Teo.:

| **Brabús agus caillteanas (sliocht) don bhliain dar críoch 31/12/2015** | **€** |
|---|---|
| Brabús oibriúcháin | 140,000 |
| Ús íoctha | (12,000) |
| | 128,000 |
| Cáin | (28,000) |
| | 100,000 |
| Díbhinní íoctha | (42,000) |
| Brabús coinnithe | 58,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2015 | 43,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2015 | 101,000 |

| **Cláir chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2015** | | **31/12/2014** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Sócmhainní seasta** | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 850,000 | | 700,000 | |
| Lúide soláthar in aghaidh dímheasa | (100,000) | 750,000 | (88,000) | 612,000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | |
| Stoc | 70,000 | | 66,000 | |
| Féichiúnaithe | 38,000 | | 46,000 | |
| Airgead | 6,000 | | 7,000 | |
| | 114,000 | | 119,000 | |
| **Lúide creidiúnaithe**: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain | | | | |
| Creidiúnaithe | 45,000 | | 40,000 | |
| Cáin | 28,000 | | 38,000 | |
| | (73,000) | | (78,000) | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 41,000 | | 41,000 |
| **Glansócmhainní iomlána** | | 791,000 | | 653,000 |
| | | | | |
| **Maoinithe ag** | | | | |
| **Creidiúnaithe**: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain | | | | |
| Bintiúir 6% | | 180,000 | | 150,000 |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | | |
| Gnáth-scairchaipiteal eisithe | | 500,000 | | 460,000 |
| Scairbhiseach | | 10,000 | | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 101,000 | | 43,000 |
| | | 791,000 | | 653,000 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An brabús oibriúcháin a **réiteach** leis an nglan-insreabhadh airgid isteach/amach ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (30)

**(b)** An **ráiteas faoi shreabhadh airgid** a ullmhú do Mhac Artúir Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2015 faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Gníomhaíochtaí oibriúcháin
2. Toradh ar infheistíochtaí agus ar fhónamh ar airgeadas
3. Cáin
4. Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais
5. Díbhinní cothromais íoctha
6. Maoiniú. (65)

**(c)** An glansreabhadh airgid a **réiteach** leis an athrú ar ghlanfhiachas. (5)

**(100 marc)**

**7. Cuntais Feirme**

Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as leabhair Mhuintir de Cantual, a bhfuil gnó feirmeoireachta measctha ar siúl acu, ar 31/12/2015.

| | € | € |
|---|---|---|
| Talamh | 950,000 | |
| Foirgnimh feirme (costas €190,000) | 152,000 | |
| Innealra (costas €225,000) | 118,000 | |
| Stoic 01/01/2015 | | |
| Ba | 169,000 | |
| Síolta gráin | 400 | |
| Leasachán | 7,200 | |
| Bianna ainmhithe | 8,500 | |
| Ceannacháin | | |
| Ba | 154,000 | |
| Síolta gráin | 11,000 | |
| Leasachán | 17,000 | |
| Bianna ainmhithe | 32,600 | |
| Leictreachas | 9,700 | |
| Deisiúcháin ar innealra | 6,500 | |
| Táillí tréidliachta agus cógais | 4,900 | |
| | | 220,000 |
| Ús iasachta | 14,000 | |
| Banc | | 12,900 |
| Tuarastail feirme | 65,700 | |
| Díolachán gráin | | 56,300 |
| Díolachán bó | | 23,000 |
| Díolachán bainne | | 237,900 |
| Íocaíocht aonair feirme (scéim buníochaíochta) | | 37,400 |
| Caipiteal | | 1,160,000 |
| Tarraingtí ar airgead tirim | 27,000 | |
| | 1,747,500 | 1,747,500 |

Tugtar an t-eolas breise seo a leanas duit:

(i) Stoc deiridh 31/12/2015

| | |
|---|---|
| Luach na mbó | €289,000 |
| Luach an leasacháin | €8,000 |
| Luach na mbianna ainmhithe | €10,400 |

(ii) Tá an íocaíocht aonair feirme (scéim buníochaíochta) le roinnt (cionroinnt) go cothrom idir an dá fhiontar.

(iii) Tá tuarastail feirme, deisiúcháin agus leasacháin le cionroinnt idir an dá fhiontar sa chóimheas:

| | |
|---|---|
| Bá | 70% |
| Grán | 30% |

(iv) Tá dímheas le soláthar mar leanas: foirgnimh feirme 5% den chostas agus innealra 20% den chostas.

(v) Bainne a d'úsáid an teaghlach le linn na bliana €1,900.

**Iarrtar ort**:

**(a)** (i) **Cuntas anailíse fiontair** a ullmhú do '**ba/bainne**' don bhliain dar críoch 31/12/2015.

(ii) **Cuntas anailíse fiontair** a ullmhú do '**grán**' don bhliain dar críoch 31/12/2015. (40)

**(b)** Cuntas **ginearálta brabúis agus caillteanais** a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2015. (25)

**(c)** **Clár comhardaithe** a ullmhú mar a bhí ar 31/12/2015. (35)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 Marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN ar bith**

**8.** **Costáil Imeallach**

Táirgeann Ó Maonaigh Teo. táirge amháin. Seo an buiséad bliantúil atá molta don bhliain seo chugainn:

| | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Díolacháin (55,000 aonad) | | 770,000 |
| Costais Athraitheacha | 467,500 | |
| Costais Sheasta | 137,500 | 605,000 |
| Glanbhrabús | | 165,000 |

**Iarrtar ort**:

**(a)** An praghas díola **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(b)** An costas athraitheach **in aghaidh an aonaid** a ríomh.

**(c)** An **cion tairbhe** in aghaidh gach aonaid a dhíoltar, a ríomh.

**(d)** An pointe **meá ar mheá** i méid na táirgeachta (aonaid) **agus** i luach na ndíolachán (€) a ríomh.

**(e)** An **lamháil sábháilteachta** ina aonaid **agus** i luach na ndíolachán a ríomh, más é **35,000** líon na ndíolachán buiséadaithe don tréimhse.

**(f)** An leibhéal táirgeachta agus an t-ioncam ó dhíolacháin a thabharfaidh brabús €400,000 a ríomh.

**(g)** Mínigh an téarma 'costas athraitheach' de réir mar a bhaineann le hÓ Maonaigh Teo. Tabhair sampla **amháin** de 'chostas athraitheach'.

**(80 marc)**

## 9. Buiséadú Airgid

Thug Seán Ó Boirinn an t-eolas seo a leanas ag deireadh mhí Feabhra 2016:

| | € |
|---|---|
| Féichiúnaithe 01/03/2016 (díolacháin mhí Eanáir €62,000 agus díolacháin mhí Feabhra €74,000) | €136,000 |
| Creidiúnaithe 01/03/2016 | €55,000 |
| Iarmhéid Bainc 01/03/2016 | €35,000 |

Measann Seán gur mar seo a bheidh na díolacháin, na ceannacháin agus na speansais go ceann cúig mhí:

| | **Márta** | **Aibreán** | **Bealtaine** | **Meitheamh** | **Iúil** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Díolacháin** | €54,300 | €91,100 | €78,200 | €67,800 | €83,100 |
| **Ceannacháin** | €38,100 | €58,300 | €37,200 | €24,300 | €38,500 |
| **Speansais** | €5,000 | €12,000 | €10,000 | €13,000 | €16,000 |

Cuirtear an t-eolas breise seo ar fáil duit:

- Bíonn na díolacháin go léir ar cairde agus íoctar astu dhá mhí tar éis mhí an díolacháin.
- Bíonn na ceannacháin go léir ar cairde, **ach amháin** €14,000 ar airgead tirim i mí na Bealtaine, agus íoctar astu mí amháin tar éis mhí an cheannacháin.
- €1,700 in aghaidh na míosa an cíos agus ardófar seo go dtí €1,900 ón 1 Meitheamh. (Níl cíos san áireamh sna speansais thuas.)
- Ceannófar trealamh i mí an Mheithimh ar €18,000 airgead tirim.
- Íoctar speansais de réir mar a thabhaítear iad.

**Iarrtar ort**:

**(a)** **Buiséad airgid** a ullmhú do gach mí sa tréimhse Márta go Iúil, an dá mhí sin san áireamh, chomh maith le colún na n-iomlán don tréimhse seo.

**(b)** Breac-chuntas a thabhairt ar **dhá** chúis a ndéanfadh Seán Ó Boirinn buiséad airgid a ullmhú.

**(80 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán